**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Buiséid*

**2022/2062(INI)**

27.4.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir le gníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2022
(2022/2062(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): David Cormand

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt chun suntais go bhfuil an ról bunúsach atá ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) mar bhanc poiblí an Aontais agus an t-aon institiúid airgeadais idirnáisiúnta atá faoi úinéireacht iomlán na mBallstát agus faoi threoir bheartais agus chaighdeáin an Aontais maidir le tacú leis an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus maidir le hinfheistíochtaí a spriocdhíriú chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach; á thabhairt dá haire gur shínigh Grúpa BEI comhaontuithe maoinithe dar luach EUR 72.5 billiún san iomlán in 2022;

2. á chur i bhfáth nach mór do BEI a rátáil chreidmheasa ard 'AAA' a choinneáil agus lánmhuinín na margaí caipitil a choinneáil ina chuid gníomhaíochtaí go léir i bhfianaise a róil mhéadaitheaigh maidir le beartais an Aontais a chur chun feidhme laistigh den Aontas agus lasmuigh de; ag athdhearbhú a hiarrata go méadófaí caipiteal chun tacaíocht airgeadais inaisíoctha níos fadtéarmaí agus ionstraimí nuálacha a chumasú; á thabhairt dá haire go bhfuil gá leis sin chun tacú le hinfheistíochtaí tábhachtacha san fhíorgheilleagar nach ndéanfaí murach sin agus a d'fhéadfadh gnóthachain nuálaíochta a uasmhéadú i bpríomhréimsí beartais an Aontais amhail an digitiú agus an claochlú glas, chun cuidiú le praghsanna arda fuinnimh, bearnaí scileanna agus infheistíochtaí neamhleora sa nuálaíocht agus i dteicneolaíochtaí nua a mhaolú agus chun cuidiú le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme; ag dréim leis go staonfaidh BEI ó infheistíochtaí a d'fhéadfadh infheisteoirí a dhíspreagadh agus a chostais fhoriomlána maoinithe a mhéadú;

3. á chur in iúl gur geal léi bunú thionscnamh AE don Úcráin agus na pacáistí cúnaimh airgeadais a deonaíodh don Úcráin ar fiú EUR 1.7 billiún san iomlán iad; á thabhairt dá haire go gcomhlánaíonn rannpháirtíocht BEI san Úcráin an maoiniú a chuirtear ar fáil ó bhuiséad AE faoin gclár um chúnamh macra-airgeadais agus faoin ionstraim nua cúnaimh mhacra-airgeadais móide; á chreidiúint go bhfuil gá le méadú ar iasachtú BEI san Úcráin mar gheall ar chogadh leanúnach foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun cabhrú leis an téarnamh agus leis an atógáil i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2022, b'fhéidir le tacaíocht ó ráthaíochtaí breise faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta; á thabhairt chun suntais nár cheart go mbeadh tacaíocht bhreise don Úcráin chun dochair do chláir eile BEI nó do thacaíocht bhuiséadach AE do réigiúin agus do thíortha eile; ag cur béim ar an bhfíoras gur minic a bhíonn nasc idir maoiniú BEI agus tionscadail nithiúla a bhfuil tionchar mór soch-eacnamaíoch acu agus saineolas teicniúil AE a dhíriú ar na tionscadail sin agus giaráil níos fearr a dhéanamh ar chistí ó bhuiséad AE;

4. á thabhairt dá haire go ndearna BEI measúnú ar riachtanais na hÚcráine ag EUR 420 billiún sa tuarascáil dar teideal 'An Úcráin: damáistí tapa agus measúnú ar riachtanais', arna tháirgeadh i gcomhar leis an mBanc Domhanda; á iarraidh go leanfar d'anailís chríochnúil a dhéanamh ar na riachtanais airgeadais a bhaineann le hatógáil agus

téarnamh na hÚcráine;  ag dréim leis go nglacfar cur chuige leanúnach comhordaithe leis na comhpháirtithe ábhartha uile chun tacú le hatógáil fhadtéarmach na hÚcráine;  á chur i bhfáth nach mór don chur chuige sin rannchuidiú le príomhchuspóirí beartais AE, lena n-áirítear trí thacú le tionscadail atá dírithe ar fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil, lena n-áiritheofar bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus lena gcuirfear go mór leis an iarracht chun mianaigh a ghlanadh; ag dréim leis go mbeidh rannchuidiú BEI bunaithe ar chur chuige 'atógáil chun feabhais', ag tarraingt ar a shaineolas, go háirithe leis an an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh; á iarraidh go ndíreofaí ar bhonneagar 'atógáil chun feabhais', lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, uisce, teileachumarsáide, talmhaíochta agus iompair, agus ar thionchar an chogaidh ar an gcomhshaol a mhaolú; á mheabhrú do BEI go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le measúnuithe tionchair shóisialta agus comhshaoil a dhéanamh do thionscadail agus na torthaí a chur ar fáil don phobal, go háirithe i gcás ina bhféadfadh na tionscadail damáiste breise a dhéanamh d'éiceachórais agus iad a scriosadh; á iarraidh go mbeadh baint mhór ag sochaí shibhialta na hÚcráine i ndáil leis an méid sin agus, go háirithe, go gcuirfí ionadaithe na sochaí sibhialta san áireamh sa Choiste Stiúrtha don Ardán um Chomhordú Deontóirí Ilghníomhaireachta;  á thabhairt dá haire go ndearnadh bearta sonracha cheana san Úcráin chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí ar bhealach a chomhlíonann na rialacha uile is infheidhme agus ag dréim leis go gcloífear leis na caighdeáin chéanna i ngníomhaíochtaí iasachtaithe amach anseo, go háirithe ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar na sreafaí airgeadais;  á iarraidh go bhféachfaí ar an bhféidearthacht sásra árachais cogaidh a úsáid;

5. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú BEI chun tacú le plean REPowerEU le EUR 30 billiún breise in iasachtaí agus i maoiniú cothromais do thionscadail i réimse na bhfoinsí in-athnuaite, na héifeachtúlachta fuinnimh, na n-eangach agus na stórála, an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha, agus na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha sna cúig bliana amach romhainn;

6. á mheas gur uirlis infheistíochta thábhachtach é InvestEU lena dtugtar infheistíocht a bhfuil géarghá léi i bpríomhréimsí;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tuilleadh míchothromaíochtaí geografacha i ngníomhaíochtaí iasachtaithe BEI a sheachaint chun leithdháileadh geografach agus earnála níos leithne infheistíochtaí a áirithiú, chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú;    á iarraidh ar BEI aghaidh a thabhairt ar easnaimh shistéamacha lena gcuirtear cosc ar réigiúin nó tíortha áirithe leas iomlán a bhaint as a ghníomhaíochtaí airgeadais;   á iarraidh ar BEI measúnú a dhéanamh, go háirithe, an bhfuil dáileadh geografach an mhaoinithe faoi InvestEU cothrom;

8. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an gCiste Eorpach Infheistíochta maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí beaga, do chuideachtaí meánchaipitlithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta san Eoraip, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thacaíocht don fhiontraíocht, don fhás, don nuálaíocht, don taighde agus forbairt agus don fhostaíocht san Aontas; á chur i bhfios go bhfuil soláthar fuinnimh cobhsaí ar cheann de bhunchlocha beartais thionsclaíoch rathúil, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); á iarraidh ar BEI breis caipiteal fáis a chur ar fáil chun go mbeidh ar chumas FBManna a gcuid oibríochtaí a uas-scálú;

9. á chur in iúl gur geal léi go maoineoidh 58 % d'iasachtaí nua uile BEI a deonaíodh in 2022 inbhuanaitheacht aeráide agus chomhshaoil, arb ionann é agus EUR 36.5 billiún d'infheistíochtaí in 2022, móide EUR 19.9 billiún i mbannaí glasa nó bannaí inbhuanaitheachta, an eisiúint ba mhó riamh; á chur in iúl gur geal léi gur shroich maoiniú BEI don fhuinneamh glan EUR 19.4 billiún, an méid ba mhó riamh, in 2022; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an cinneadh chun borradh a chur faoi mhéid an iasachtaithe fuinnimh agus iasachtaí a dhéanamh níos tarraingtí;

10. á iarraidh ar BEI modh a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an mbearna sa chistiú glas in AE, chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na bearna sin agus chun foinsí maoinithe poiblí agus príobháideacha ionchasacha a shainaithint;

11. Tá sí ag tnúth leis an athbhreithniú ar Threochlár an Bhainc Aeráide roimh COP28; ag dréim leis go mbeidh BEI ailínithe go hiomlán leis an gconair 1.5 céim agus ag dréim leis go mbeidh gníomhaíochtaí BEI comhsheasmhach leis an aidhm aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí; á iarraidh an athuair go n-áireofaí san athbhreithniú measúnú láidir ar roghanna malartacha nach bhfuil chomh dian ar charbón agus ar astaíochtaí 'Scóip 3' do gach tionscadal; á mheabhrú gurbh é deireadh 2022 an scoithdháta d'oibríochtaí nach bhfuil ailínithe le Comhaontú Pháras agus ag dréim leis go dtuairisceoidh BEI ar na hoibríochtaí uile a síníodh ó glacadh Treochlár an Bhainc Aeráide;

12. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag BEI a thionscadail ardriosca féin a mhéadú, mar a leagtar amach ina phlean oibríochtúil do 2023-2025; á iarraidh ar BEI a ghníomhaíochtaí dí-riosca a oiriúnú chun maoiniú príobháideach a stiúradh i dtreo tionscadail a bhfuil ardleibhéal breisíochta acu agus a rannchuidíonn le haistriú cóir, gan inmharthanacht tráchtála a phunann a chur i mbaol; á iarraidh ar BEI ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme táirgí amhail na cistí aeráide agus bonneagair, lena n-áirítear ábharthacht an chothromais idirghafa chun an cuspóir sin a bhaint amach agus feabhas a chur ar chóimheasa riosca-luaíochta na hinfheistíochta i dtionscadail bonneagair ghlais ar scála níos lú;

13. á chur in iúl gur geal léi sprioc Chiste Hidrigine Glas BEI cuidiú le hastaíochtaí ó earnálacha tionsclaíocha atá deacair a mhaolú i dtíortha i mbéal forbartha a laghdú trí hidrigin inathnuaite a fhorbairt; á thabhairt dá haire nár cheart go bhfónfadh sé sin ach do chuspóir laghdaithe astaíochtaí; ag áitiú gur cheart do BEI breisíocht a áirithiú sna tíortha sin atá i mbéal forbartha ionas nach n-atreoraítear acmhainní ón leictreachas inathnuaite atá ann cheana agus a úsáidtear le haghaidh leictriú díreach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach ndéanfar hidrigin atá bunaithe ar fhoinsí inathnuaite a fhorbairt ach amháin i líonraí iata logánta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí príobháideacha do thionscadail mhórscála hidrigine glaise, go háirithe iad siúd atá dírithe ar onnmhairiú, i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil cuntas teiste scanrúil maidir le cearta an duine acu agus á thabhairt chun suntais nach dócha go ndéanfar cinntí maidir leis na tionscadail a mhaoinítear le leibhéal leordhóthanach trédhearcachta, cuntasachta agus rannpháirtíochta poiblí chun a áirithiú go mbainfidh pobail áitiúla tairbhe iomlán as;

14. á chur in iúl gur geal léi creat Pháras do Chontrapháirtithe (PATH) agus ag dréim leis go gcuirfear chun feidhme go hiomlán é; á mheabhrú do BEI go bhfuil ceangal

conarthach ar chliaint chorparáideacha straitéis inchreidte ailínithe Pháras (plean dícharbónaithe) a chruthú agus a fhoilsiú, ar cheart go n-áireofaí inti spriocanna agus roghanna meántéarmacha, rollacha agus cainníochtúla maidir le hastaíochtaí a laghdú thar thréimhse ama níos faide chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI oibriú le cliaint agus le hidirghabhálaithe airgeadais a bhfuil plean inchreidte dícharbónaithe acu, lena n-áirítear spriocanna gearrthéarmacha atá comhoiriúnach leis an gconair 1.5 céim agus a chuirfear i bhfeidhm a luaithe is féidir agus faoi 2025 ar a dhéanaí; á iarraidh ar BEI meastóireacht chórasach a dhéanamh ar inchreidteacht na bpleananna dícharbónaithe, agus critéir dhícharbónaithe á gcur i bhfeidhm atá comhoiriúnach leis an sprioc 1.5 céim, sula síneofar aon ghealltanais airgeadais nua; á chur i bhfáth nár cheart go gcuirfeadh na ceanglais nua sin cosc ar FBManna rochtain a fháil ar mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hinfheistíocht mhear ar mhórscála chun go n-aistreoidh an tAontas chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, tacaíocht BEI do RePowerEU; á thabhairt dá haire, áfach, na díolúintí a deonaíodh faoi chreat PATH lena gceadaítear do BEI oibriú le cuideachtaí atá fós rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a mheastar a bheith ar neamhréir le Comhaontú Pháras; ag dréim leis go mbeidh na díolúintí a dheonaítear faoi chreat PATH chun tacú le REPowerEU eisceachtúil, sealadach agus go mbeidh bonn cirt iomlán leo;

15. ag dréim leis go bhfeabhsófar tuairisciú poiblí ar iarrachtaí agus tionscnaimh chun an dúlra a phríomhshruthú in anailísí agus in oibríochtaí, chomh maith le tuairisciú sonrach ar infheistíochtaí atá dearfach ó thaobh an dúlra de, i gcomhréir leis na gealltanais a thug BEI; ag dréim leis go n-áiritheofar leis an bpáipéar nua iasachtaithe foraoiseachta go ndéanfaidh iasachtú BEI bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn, go spreagfar úsáid inbhuanaithe ábhar adhmadbhunaithe, go gcothóidh sé an bithgheilleagar níos leithne agus go ráthófar nach gcuirfidh sé go díreach nó go hindíreach le dífhoraoisiú ná le foraoisiú;

16. ag dréim leis go leanfaidh BEI de chaighdeáin dhiana leasa ainmhithe a chur i bhfeidhm maidir leis na tionscadail a mhaoiníonn sé agus á iarraidh go gcomhlíonfaidh na tionscadail a mhaoinítear reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe go hiomlán, lena n-áirítear maidir le gníomhaíochtaí pórúcháin díobhálacha, agus an caighdeán is airde á leagan síos ag institiúidí airgeadais iltaobhacha mar bhonn;

17. á thabhairt dá haire go ndearnadh cinneadh gan eastóscadh fosuithe mianraí ón domhainfharraige a mhaoiniú, mar a léirítear i liosta nuashonraithe BEI de ghníomhaíochtaí eisiata; á iarraidh ar BEI tacú le tionscadail a chomhlíonann na caighdeáin éiceolaíocha agus leasa ainmhithe is airde, lena n-áirítear beatha inbhuanaithe i bhfeirmeoireacht éisc a áirithiú;

18. á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag BEI maidir le haistriú cóir a áirithiú; á iarraidh ar BEI tacú le tionscadail lena soláthraítear rochtain inacmhainne ar fhuinneamh in-athnuaite, ar thithíocht agus ar sheirbhísí poiblí, ar thionscnaimh faoi stiúir an phobail, agus ar thionscadail bheaga lena ndírítear go háirithe ar bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac; á iarraidh ar BEI an t-íosmhéid iasachta do thionscadail aonair nó do scéimeanna iasachta a ísliú; ag spreagadh BEI chun comhoibriú le hinstitiúidí airgeadais náisiúnta agus réigiúnacha chun maoiniú spriocdhírithe a chur ar fáil; á iarraidh ar BEI rannchuidiú le cuspóirí AE maidir le comhionannas idir mná agus fir a

bhaint amach;

19. á thabhairt chun suntais go bhfuil cinnteacht an tsoláthair d'amhábhair chriticiúla (CRManna) ríthábhachtach do na haistrithe glasa agus digiteacha agus do bhonn tionsclaíoch AE i gcoitinne; ag cur béim ar an ngá atá le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh i leith CRManna, bunaithe ar athchúrsáil agus athúsáid, chun spleáchas AE ar thríú tíortha a laghdú; á mheabhrú go bhfuil ról ag BEI i gComhghuaillíocht Amhábhar AE agus aidhm an Aontais a bheith níos neamhspleáiche a mhéid a bhaineann le soláthar CRM; á iarraidh ar BEI níos mó infheistíochta a dhéanamh in earnáil CRM chun athléimneacht in amhábhair a fheabhsú agus á iarraidh, go háirithe, ar BEI tacú le tionscadail a bhaineann le CRM arb é is aidhm dóibh go príomha aon phróisis mhianadóireachta nua a sheachaint agus amhábhar tánaisteach a athchúrsáil, agus réitigh an gheilleagair chiorclaigh a chothú, go háirithe taighde agus forbairt le haghaidh ábhair mhalartacha, lena n-áirítear ábhair bhith-bhunaithe;

20. ag dréim leis go mbeidh ról tábhachtach ag BEI i straitéis na hIonstraime Eorpaí Um Shliseanna; á thabhairt dá haire gur tugadh EUR 600 milliún ar iasacht do STMicroelectronics cheana féin chun feabhas a chur ar thaighde agus forbairt slise i dtrí Bhallstát éagsúla; á iarraidh ar BEI maoiniú a thabhairt do thionscadail a rannchuidíonn le slabhra soláthair slise inbhuanaithe a thógáil agus leis an ábhar criticiúil is gá chun sliseanna a tháirgeadh a athchúrsáil; á chur i bhfios go láidir gur cheart do BEI tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i mbonneagar do na sliseanna a bhfuil asraonta éilimh acu in AE agus i gcás ina bhfuil saineolas uathúil ag AE lena gcuirtear ar a chumas fanacht mar cheannaire sa deighleog sin den mhargadh;

21. á thabhairt dá haire go bhfuil maoiniú nua dar luach EUR 10.8 billiún sínithe ag BEI Domhanda; á mheabhrú go bhfuil oibríochtaí BEI lasmuigh de AE bunaithe ar na prionsabail ghinearálta lena dtreoraítear gníomhaíocht sheachtrach AE mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, amhail tacú leis an daonlathas agus leis an smacht reachta, le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha; á chur in iúl gur geal léi tacaíocht BEI do thionscnamh Global Gateway AE agus a rannpháirtíocht ann trí Chiste Tairsí Domhanda atá ceaptha maoiniú cothromais agus fiachais a sholáthar do thionscadail bhonneagair ard-tionchair, fuinnimh ghlain agus forbartha daonna ar fud an domhain; á chur i bhfios gur cheart go leanfadh gníomhaíochtaí domhanda BEI de bheith ailínithe le leasanna straitéiseacha agus cuspóirí beartais sheachtraigh AE agus gur cheart go n-áiritheofaí leo go rachaidh infheistíochtaí chun tairbhe go soiléir do thíortha agus do shochaithe is faighteoirí, poist áitiúla a chruthú agus bochtaineacht a mhaolú; á chreidiúint gur cheart go mbeadh geallsealbhóirí na dtíortha is faighteoirí, amhail údaráis phoiblí, ionadaithe na sochaí sibhialta agus cuideachtaí san earnáil phríobháideach, rannpháirteach i gcinneadh a dhéanamh maidir le tionscadail Global Gateway agus i gcur chun feidhme na dtionscadal sin; á iarraidh ar BEI cur chuige comhordaithe a áirithiú le geallsealbhóirí eile a rannchuideoidh leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt chun tionchar forbartha níos láidre a bhaint amach; á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil gá le líon leordhóthanach foirne inmheánacha-ar an láthair, lena n-áirítear foireann áitiúil, chun BEI Domhanda a chur chun feidhme go rathúil;

22. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh BEI Domhanda cuntasach freisin as comhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach i nDearbhú Pháras maidir le

hÉifeachtacht Cabhrach agus i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht (úinéireacht, ailíniú, comhchuibhiú, bainistiú torthaí agus cuntasacht fhrithpháirteach); ag áitiú gur cheart go mbeadh na prionsabail sin ina dtreoir d'oibríochtaí BEI mar bhanc poiblí a bhfuil sainordú forbartha de chúram air; á iarraidh ar BEI Domhanda BEI straitéis a cheapadh a bheidh dírithe ar bhreisluach soiléir forbartha agus ar chlár oibre forbartha inbhuanaithe lena n-áirítear caighdeáin láidre maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áireamh sa phróiseas sin; á iarraidh ar BEI aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí domhanda ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine sa chomhthéacs sin, agus béim ar leith á leagan ar shlabhra an tsoláthair bia agus ar rochtain inbhuanaithe ar bhia ar fud an domhain; á iarraidh ar BEI na Ballstáit a spreagadh chun iarraidh ar a n-aireachtaí forbartha faoi seach páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach Bhord Domhanda BEI; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI Domhanda oibríochtaí measctha a theorannú do réimsí inar féidir leo luach a chur leis an ngeilleagar áitiúil agus a áirithiú nach n-úsáidfear maoiniú cumaiscthe le haghaidh seirbhísí poiblí bunriachtanacha, go háirithe sláinte, oideachas agus cosaint shóisialta, toisc go bhféadfadh luach airgid a chur leis na neamhionannais atá ann cheana agus rochtain uilíoch ar na seirbhísí sin a chur i mbaol; ag dréim leis go dtabharfaidh BEI aird ar leith ar a áirithiú go mbeidh na slabhraí soláthair dá oibríochtaí saor ó shaothar éigeantais; á iarraidh ar BEI Domhanda cur lena thacaíocht do thionscadail a bhfuil brabúsacht theoranta agus torthaí arda poiblí ag baint leo agus an t-íosmhéid iasachta do thionscadail aonair a ísliú, go háirithe sna tíortha is lú forbairt;

23. á thabhairt dá haire, le blianta beaga anuas, gur bhain formhór na gcásanna ar dhéileáil sásra gearán BEI leo le tionscadail lasmuigh de AE; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI a áirithiú go bhfuil an sásra gearán inrochtana, éifeachtach agus neamhspleách chun sáruithe ar rialacha BEI a bhrath agus a shásamh, amhail breabaireacht, mí-úsáid cistí agus sáruithe ar chearta an duine i dtionscadail a bhaineann le BEI; á iarraidh ar BEI a shásraí inmheánacha a neartú chun calaois agus éilliú a chomhrac, trédhearcacht agus rialú ar oibríochtaí idirghafa a fheabhsú agus a áirithiú go ndéanfaidh sé obair leantach go pras;

24. á mheabhrú do BEI a thábhachtaí atá sé cearta an duine a chomhtháthú ina nósanna imeachta díchill chuí, measúnuithe tionchair ar chearta an duine a dhéanamh, a ghealltanas ginearálta maidir le cearta an duine a dhaingniú i bhfreagracht chun cearta an duine a urramú agus feidhmiú i gcomhlíonadh iomlán le hAirteagal 2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; á thabhairt dá haire go ndearna BEI nóta faisnéise le déanaí lena ndéantar achoimre ar chur chuige BEI maidir le cearta an duine, agus á iarraidh ar BEI soiléiriú a thabhairt ag an am céanna nuair a bhíonn sé ag beartú chun saincheist a réiteach, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin sheachtracha, chun díscor ó thionscadal nó chun iasachtaí nó infheistíochtaí a aisghabháil; á iarraidh go mbeadh rialacha soiléire agus ceangailteacha ann chun an nóta faisnéise a chomhlánú, go háirithe maidir le measúnú agus díscor, i bhfianaise iarrataí na Parlaiminte arís agus arís eile ar na rialacha sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di nach bhfuil sé de cheangal ar thionscnóirí tionscadail ó 2015 i leith aon mheasúnuithe tionchair neamhspleácha ar chearta an duine a dhéanamh, cé gur cheart go gcomhlánódh siad sin na measúnuithe tionchair comhshaoil agus sóisialta; ag athdhearbhú, thairis sin, a hiarraidh ar BEI Domhanda comhairliúchán agus rannpháirtíocht chuimsitheach agus fhóinteach a áirithiú leis na pobail a bhfuil tionchar ag a thionscadail orthu sula bhformheasfar iad agus le linn thréimhse chur chun feidhme an tionscadail; á chur i

bhfios go láidir gur cheart bearta sonracha a dhéanamh chun pobail dhúchasacha, mná, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile a áireamh i gcomhairliúcháin;

25. á mheabhrú gur airgead poiblí iad cistí BEI agus gur cheart iad a bheith faoi réir grinnscrúdú agus cuntasacht phoiblí i gcónaí; á iarraidh go mbeidh níos mó cuntasachta ann i leith institiúidí AE, go háirithe i leith na Parlaiminte, toisc go bhfuil an trédhearcacht ar cheann de bhunchlocha an daonlathais; á chreidiúint gur cheart cead a bheith ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid BEI, mar is amhlaidh cheana féin don Bhanc Ceannais Eorpach; ag athdhearbhú a hiarrata ar chomhaontú idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus BEI chun rochtain ar dhoiciméid agus sonraí BEI a fheabhsú;

26. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil BEI ag titim chun deiridh ar institiúidí airgeadais poiblí eile ó thaobh trédhearcachta de agus a áirithiú nach ndéanfaidh a infheistíochtaí idirghafa aon dochar, gan ach rátáil 'chothrom' a dhéanamh ar an Innéacs Trédhearcachta Cabhrach 2022[1]; á mheabhrú gur ghlac BEI in 2021 beartas nua trédhearcachta atá contrártha le toimhde an nochta agus nach bhfuil ailínithe leis na heisceachtaí is infheidhme a liostaítear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[2] agus i Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006[3]; ag tathant ar BEI gníomhú láithreach maidir leis na réimsí le haghaidh feabhais arna sainaithint i moltaí an Ombudsman Eorpaigh an 21 Aibreán 2022 maidir leis an ngá atá ann do BEI cur chuige níos uaillmhianaí a ghlacadh i leith a chleachtais nochta, gníomhú i gcomhréir le dlíthe trédhearcachta AE agus a bheith níos trédhearcaí maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscadail a mhaoiníonn sé ar an gcomhshaol, go háirithe trí níos mó faisnéise a chur ar fáil faoi aon fhothionscadail idirghabhálacha airgeadais a bhfuil tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol;

27. á iarraidh ar BEI gealltanas a thabhairt go neartóidh sé a bheartas i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, lena n-áirítear trí staonadh ó chistiú a thabhairt do thairbhithe nó d'idirghabhálaithe airgeadais agus trí chomhoibriú le comhpháirtithe airgeadais i gcás ina bhfuil cuntas teiste diúltach cruthaithe ag na tairbhithe, na hidirghabhálaithe nó na comhpháirtithe sin; á iarraidh ar BEI bearta coisctheacha agus measúnuithe cánach rialta a fhorfheidhmiú i gcoinne dlínsí cánach neamh-chomhoibríocha, i gcoinne calaois chánach agus fhioscach, i gcoinne imghabháil cánach, agus i gcoinne seachaint cánach neamhdhleathach dhian;

28. á chur in iúl gur cúis bhuartha di sláinte agus sábháilteacht ag an obair ag BEI agus á iarraidh ar BEI na bearta uile is gá a dhéanamh chun feabhas suntasach a chur ar an staid i gcomhairle le hionadaithe fostaithe; á iarraidh, thairis sin, ar BEI ionadaíocht chothrom inscne a chur chun cinn go gníomhach ina phoist bhainistíochta agus shinsearacha; á iarraidh ar BEI tuilleadh feabhais a chur ar chur ar chur ar chur chun cinn gach cineáil éagsúlachta agus cuimsithe laistigh dá eagraíocht agus spriocanna

[1] 'Publish What You Fund' [Foilsítear a Maoinítear], *Innéacs Trédhearcachta Cabhrach 2022*, 2022.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail IO L 264, 25.9.2006, lch. 13.

uaillmhianacha a leagan síos sa réimse sin.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 26.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Katalin Cseh, Andor Deli, Pascal Durand, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Matteo Gazzini, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Adam Jarubas, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Pierre Larrouturou, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Andrey Novakov, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Maria Veronica Rossi |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| CLE | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca |
| EPP | José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Adam Jarubas, Janusz Lewandowski, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Eleni Stavrou, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Katalin Cseh, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Nils Torvalds |
| S&D | João Albuquerque, Pietro Bartolo, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Pierre Larrouturou, Margarida Marques |
| An Chlé | Dimitrios Papadimoulis |
| Na Glasaigh/SCE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Nicolae Ştefănuță |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Andor Deli |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Matteo Gazzini, Maria Veronica Rossi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh